

10ú/10/2025

SCÉALTA SCOILE

A Thuismitheoir,

Tá súil agam go raibh seachtain mhaith agat.

Bhí lá iontach againn ar scoil inniu. Thug an Taoiseach Michael Martin cuairt ar Ghaelscoil na Dúglaise chun comhghairdeas a dhéanamh linn agus sinn 40 bliain ar an bhfód. Bhí an t-Aire Jerry Buttimer, Séamus Mc Grath TD agus an Seanadóir Laura Harman inár dteannta chomh maith. B'onóir dúinn é go raibh an Comhairleoir Peter Horgan atá ina thuismitheoir mar ionadaí an ardmhéara.

Ba phribhléid dúinn go raibh baill ó na Boird Bhainistíochta ó 1985 sa lucht féachana. Bhí go leor daoine a shaothraigh mar chathaoirleach ar Chumann na dTuismitheoirí ann anuas ar sin. B'aoibhinn linn casadh le h-iarbhaill foirne freisin.

Rinne na haoíanna iontas do ghardín na scoile. Ní dóigh liom go bhfuil a sharú le fáil i gCorcaigh.

D'oscail an Taoiseach an t-Ionad Súgartha go hoifigiúil. Bhuail sé leis na páistí lasmuigh sa ghairdín agus laistigh den bhfoirgneamh. Sheinn an banna ceoil go hálainn agus chan an cór go binn. Thug Rang I faoi 'Amhrán na n-Gael 'go fonnmhar. Bhí na páistí nótálta ar fad. Bhí gach éinne ag caint futhu. Seoladh gearrthóg bheochana bunaithe ar stair na scoile ag úsáid guthanna Máiréad Ní Bhroin agus Tom Ó Muireasa ó Rang 5 agus labhair Róisín Bhreathnach Rang 6 ar son daltaí na scoile. Fan go bhfeicfidh sibh an t-Amlíne atá crochta sa halla anois. Táimid an bhrodúil as.

Bhí na meáin i láthair agus roinnfimid an tuairisciú nuair a bheidh sé againn.


Lá dár saol a bhí ann. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann scoile a chinntigh go mbeadh an lá seo ina cheiliúradh iontach ar Ghaelscoil den scoth. Is mór agam a bhflaithiúlacht.





Niamh Ní Mhaoláin







SCÉALTA SCOILE

Dear Parents,

Today was a wonderful celebration in Gaelscoil na Dúglaise. The Taoiseach Micheál Martin along with Minister Jerry Buttimer, Séamus Mc Grath TD and Senator Laura Harman visited our school in honour of our 40th year celebrations. We were delighted that Cllr Peter Horgan who is a parent in our school deputised for the Lord Mayor.

We were privileged to have members of our Boards of Management since 1985 in the audience. We also welcomed former chairperson's of Cumann na dTuismitheoirí. We were delighted that former staff members joined us for the occasion.

Our guests were hugely impressed with the school garden. I don't think it could be surpassed as a school garden.

The Taoiseach officially opened the new playground. He took the opportunity to chat to the children in the garden and inside the building. The school traditional group welcomed him to the school hall and the choir performed a medley of songs sung in the school down through the years. Rang 1 performed 'Amhrán na n-Gael' to rapturous applause! An animated clip based on the history of the school was launched using the voices of Máiréad Ní Bhroin and Tom Ó Muireasa from Rang 5 and Róisín Bhreathnach Rang 6 spoke on behalf of the school's pupils. We are very proud of the 40-year timeline that was unveiled and now hangs proudly in the halla.

The media was present and we will share the coverage when we have it.

It was just the best day. I would like to express my sincere thanks to the school staff who ensured that this was a fitting celebration of our excellent Gaelscoil.

Enjoy the weekend.

Niamh Ní Mhaoláin